

CARRAIG AN MHATAIL.

Sí an charraig is fuide ag dhul amach i bhfairge í ar chostaí na hÉireann. Sé an áit is mó le feamainn in Éirinn inniú é ná aon cheárd eile. Tragh mhór ar neart rabharta tá sí trí ceathramhnaí míle ó fhéar glas go ceanna slat. Níl soitheach ná bád ariamh dá bhfuair sí greim air nár choinnigh sí. Níor bhris sí agus níor bháth sí aon bhád ar a chuid bailteacha féin ariamh (nár diablaidhe an rud é sin). Dá dteagadh lá ceo ar an bhfairge ort an muintir a bhí ina heolas nuair a chuirfeadh sí fuaim uaithe d'aithneochaidís an fhuaim sin agus bhí siad indon déanamh uirthé. Sin é an fáth go raibh siad moladh ag á na cuid comharsanna. Trí sgór agus ceithre bliana go hoidhche Nodlag seo ag tigheacht (1929) bhuail soitheach cruithneacht uirthé as an taobh ó dheas de Mheireacá. Choinnigh sí annsin í go dtug muintir na tíre 3,000 tonna cruithneachta aiste. Sé mhí ón lá sin bhuail soitheach as an nGréig uirthé a bhí lochtuigte le gual. Choinnigh sí annsin í. Sin é an fáth go bhfuil na daoine anois a dhul gá moladh nuair nár cuir sí aon phioc as do mhuintir a háite féin ariamh. Sé an chéad tosuighe le na moladh.

A charraig a mhatail mo mhíle slán leat
Ba rí dheas an áit thú seal de'n tsaoghal
Bhí lásaí óir le do chuid cladaighthe bána
A chuireadh toradh a' fás tríd an talamh aníos
Dá mbéinn-se óg mór bhí mé lá éicint
Bheadh bád agam agus criú ar maoim
Thiubhrainn cuairt gach Domhnach
Ar do chuid cladaighthe álainn
Ins an áit ar tóigeadh mé
Nuair bhí mé lag gan bhrigh
Nuair a cloisim-se daoine a moladh a dtíre
Teagann duibhean ar mo chroidhe i mo lár
nach bhfaca faoileán ariamh i mbarr maoime
ná iasg i líon ar colbha na tragha

A Charraig a Mhatail is tú nach raibh pusach gruamtha
Thiubharthá ómós do long is do bhád
Dá bhfáighteá sgathamh beag i do comharsanacht iad
Dhéanfá smúdar díomh agus brioscar cláir
Níor ghéill tú ariamh d'aon chaipín dá mb'áoirde a gcumhachta
Ná d'aon tsoitheach troda dá raibh le fágáil
Dá mhéad a ngaisge is luaidh is púdair
Chaithidís umhlú duit agus gan fios cén fáth
tá fhios ag daoine nach bréag atá mé a dhéanamh
gur throid tú na Gréigigh agus Meireacá
Choinnigh tú a gcuid soitheach uatha gan bláth gan buidheachas

A gcuid cáblaí síoda agus a gcuid compás breagh

Bhí triúr dreathár agat de thogha na ngaolta

An molt an t-uan agus an t-uasgán

Is a'd a bhí an dá chomharsa a bhfearr

A bhí ar cladaighthe tíre carraig an róin agus an brannra cam

Nuair a chuirfeá uail ar maidin asat chloisfí tú fiche míle

agus chuirfeá an mhaoín údan go huachtar láin

Tá tú annsin ó thús an díle

níor thug tú ughdar caoine d'aon bhean san áit

B'fhurasta brabach a fhághail ort

Agus tiomsacht annlainn

Le hagma daoine a bheadh ina chall

Bhí an faocha casta agat agus an báirneach speiriúil

An eascoin sgéiniúil agus an t-iasgán crón

Bhí an gliomach uasal agat agus an ruacan gléigeal

An sgadán gainimh agus an pláisín mín

Bhí obair an naoimh i gcolba trágha ann

Agus an roilig bheannaighthe as a chionn

badh shin é an áit a mb'fiú trácht air

agus nár fhágha mé bás go dteighidh mé tríd.

an locht cruithneachta

an t-ancuire

tarraingt cruithneachta go Gaillimh

An long Ghréagach

Muintir Cor na Rón a bhain éadaigh de na Gréagaigh

An Corcaigheach a labhair Gaedhilg

An fheamain ar Charraig a Mhatail

Peadar Ac' Treasaigh

Adhmud i dtír – long Norwegian.